Leabhar 1

CUID 2

CAIBIDIL 5

ATHBHREITHNIÚ NÁISIÚNTA AR SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

ATHBHREITHNIÚ NÁISIÚNTA AR SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

RÉAMHRÁ

Ba í 2007 an chéad bhliain a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán an tAcht Meabhair-Shláinte 2001. Mar a bheifí ag súil leis, tháinig athrú mór dá bharr ar chóireáil othar cónaithe do dhaoine a bhfuil neamhord meabhrach orthu. Mar shampla, tá ceart uathoibríoch ag gach othar coinnithe anois chun binse meabhair-shláinte; bhí na binsí sin i bhfeidhm i rith 2007. Anois go bhfuil feidhm tugtha don Acht tá Rialacha i leith úsáid a bhaint as leithlis agus srian agus i leith teiripe leictreabhaoth-thonnach (TLT) a úsáid i bhfeidhm anois. Tá na Rialacháin le haghaidh ionad ceadaithe faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 551 de 2006 i bhfeidhm go hiomlán anois freisin. Tá ceangal dlí ag gabháil leis na Rialacha agus na Rialacháin araon agus ní mór d'ionaid cheadaithe iad araon a chomhlíonadh. Coimeádann an Coimisiún Meabhair-Shláinte Clár na n-Ionad Ceadaithe agus tá cumhacht aige chun ionad ceadaithe a bhaint de, nó coinníollacha a ghearradh ar chlárú, má tá fianaise ar neamhchomhlíonadh na Rialachán. Tá dualgas reachtúil ar an gCigire tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh na Rialacha, na Rialachán agus na gCód Cleachtais don Choimisiún Meabhair-Shláinte. Caighdeáin íosta le haghaidh seirbhíse meabhair-shláinte atá sna Rialacháin agus bítear ag súil go mbainfidh seirbhísí amach iad chomh luath agus is féidir. Léirítear na caighdeáin íosta sin in *Quality Framework for Mental Health Services in Ireland* agus is ionann iad agus na chéad chéimeanna i dtreo seirbhís mheabhair-shláinte ardchaighdeáin a fhorbairt. I 2007, rinne an Chigireacht cigireacht ar gach ionad ceadaithe agus thug sí tuairisc don Choimisiún Meabhair-Shláinte ar chomhlíonadh gach ionaid leis na Rialacha agus na Rialacháin.

Ach tá níos mó i gceist le Cigireacht ná maoirseacht a dhéanamh go simplí ar na Rialacha agus na Rialacháin. Tá freagracht reachtúil ar an gCoimisiún fiosrúchán a dhéanamh ar cháilíocht an chúraim agus na cóireála a fhaigheann othair agus a chuid torthaí a thuairisciú don Choimisiún. Freisin tá cumhacht ag an gCigire cigireacht a dhéanamh ar aon áitreabh áit a bhfuil seirbhísí meabhair-shláinte á seachadadh, agus níl an chumhacht sin teoranta d'ionaid cheadaithe. Leagann an Chigireacht béim faoi leith sa Tuarascáil reatha ar sholáthar ball foirne d'fhoirne meabhair-shláinte pobail. Freisin bhailigh cigireachtaí 2007 eolas ar áiteanna cónaithe a ndéantar maoirseacht 24 uair an chloig orthu, eolas sonrach ar fhoirne ildhisciplíneacha agus líon iomlán ball foirne i ndobharcheantair (féach Aguisín 1, Tábla A go D). Tacaíonn cur i bhfeidhm an Chreat Cáilíochta leis an bpróiséas cigireachta, agus beidh sé fós ina creat do chigireachtaí amach anseo.

Tugadh faoi dearadh go dtángthas salach go mór ar fhorbairt na seirbhísí meabhair-shláinte ag lánchosc an FSS ar earcaíocht, a bhí i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2007 go Nollaig 2007. Bhí deacrachtaí fós ann maidir le hearcaíocht i 2008. Is féidir sonraí ar an gcaoi a ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ar sheirbhísí aonair i 2007 i dtuarascálacha na ndobharcheantar aonair agus in Aguisín 1, Tábla A.

IONAID FORMHEASTA

Bhí trína chéile go forleathan ag gach leibhéal ar fud na seirbhísí meabhair-shláinte maidir leis an oibleagáid na Rialacháin d'ionaid cheadaithe a chomhlíonadh. Ainneoin go raibh na Rialacháin i bhfeidhm ó Shamhain 2006 agus nár cuireadh tús le cigireachtaí go dtí Márta 2007, ní raibh mórán tuisceana orthu, agus mar sin bhí neamhchomhlíonadh mór ann. Rinne go leor seirbhísí gearán nach raibh neart ama acu chun obair i dtreo comhlíonta, chreid cuid acu nár bhain na Rialacháin leo, agus ba chosúil nach raibh eolas ar na Rialacha ná na Rialacháin, ná an ceanglas dlí bheith

comhlíontach, ag seirbhísí eile. Bhí deacrachtaí móra i rith cigireachta agus tuairiscithe dá bharr, toisc go raibh an chuid is mó de sheirbhísí ag streachailt ina gcuid iarrachtaí comhlíonadh agus caitheadh an chuid is mó den am sa phróiséas cigireachta ag soláthar eolais do sheirbhísí ar an mbealach is fearr le comhlíonadh a bhaint amach. Chuir an Cigire an FSS ar a eolas i Meitheamh 2007 faoi na deacrachtaí a bhí ag seirbhísí maidir leis na Rialacháin agus na Rialacha a chomhlíonadh. Thug an FSS freagra trí ceardlanna feasachta a réachtáil do phearsanra sa tseirbhís mheabhair-shláinte, i gcomhairle leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

Ar cheann de na deacrachtaí lárnacha le comhlíonadh na Rialachán a bhaint amach bhí an easpa beartas i leith cóireála agus beartas i leith gníomhaíochtaí atá coitianta i bhfeidhmiú ionad ceadaithe. Fuair an Chigireacht go minic nach raibh gníomhaíochtaí mar chorpchuardaigh, nósanna imeachta i dtaobh cuairteanna, earraí pearsanta, cumarsáid agus eolas tacaithe ag beartais chuimsitheacha nuashonraithe. I gcás go leor beartas ní raibh siad ann, bhí siad imithe as feidhm, bhí siad i bhfoirm dhréachtúil fós nó níor chomhlíon siad na híoschaighdeáin mar a bhí leagtha amach sna Rialacháin. Ní bhíonn tionchar ag acmhainní den chuid is mó ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus faoi dheireadh 2007 bhí go leor seirbhísí fós i mbun iad a fhorbairt.

Chonacthas go raibh easpa pleananna cúraim aonair mar atá sainithe sna Rialacháin beagnach gach áit, seachas líon beag seirbhísí. Tá na gnéithe lárnacha de phlean cúraim aonair leagtha amach go soiléir sna Rialacháin ach ní raibh plean cúraim den sórt sin tugtha amach ina n-ionad ceadaithe ag an gcuid is mó de sheirbhísí faoi dheireadh na bliana, cé go raibh an chuid is mó de sheirbhísí i mbun iad a thabhairt isteach.

Bhí líon beag seirbhísí ag sárú na Rialacha maidir le TLT agus leithlis agus srian mheicniúil a úsáid. Cuireadh an Coimisiún ar a eolas faoi na sáruithe sin agus ghlac sé gníomh dá réir.

FOIRNE ILDHISCIPLÍNEACHA

Dhá bhliain tar éis don bheartas náisiúnta i leith meabhair-shláinte *A Vision for Change*, a thabhairt isteach, ní raibh mórán athruithe móra tagtha ar sholáthar agus seachadadh seirbhísí meabhair-shláinte pobail agus sainseirbhísí. Chun tuairisc a thabhairt ar leibhéil foirne, iarradh ar gach bainisteoir sláinte áitiúil ceistneoirí sonracha faoi fhoirne a chur faoi bhráid na Cigireachta i 2007. Bhí roinnt deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar eolas cruinn agus i roinnt cásanna ba ghá an t-eolas a lorg roinnt uaireanta, cé go mbeifí ag súil go mbeadh eolas ríthábhachtach faoi bhaill foirne meabhair-shláinte ar fáil níos éasca. Is fearr measúnú a dhéanamh ar an eolas a sholáthraigh na bainisteoirí sláinte áitiúla ó na táblaí sna tuarascálacha dobharcheantar, a dhéanann comparáid idir fáil ball foirne ildhisciplíneach d'fhoirne pobail i 2007 le 2006. Tá teorainn mhór fós le rochtain ar sheirbhísí fo-speisialtachta, seirbhísí iar-ama, slánúchán, seirbhísí leanaí agus ógánach agus seirbhísí meabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Níor tháinig mórán forbartha ar sheirbhísí foréinseacha taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Léiríonn Tábla 1, Aguisín C, fáil foirne pobal d'fhoirne earnála i ngach dobharcheantar.

Tháinig roinnt méaduithe ar bhaill foirne d'fhoirne pobail, in acmhainní comhairleora agus NCHD ach sna gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta freisin, ach níor tharla sé sin ach áit ar ceapadh iad siúd roimh lánchosc earcaíochta an FSS. Mar gheall ar an lánchosc go príomha, tá an líon folúntas reatha i 2007 suntasach nuair a bhreathnaítear ar an easpa leanúnach ball foirne meabhair-shláinte thar gach seirbhís meabhair-shláinte. Chun críocha na Tuarascála, déantar folúntas a shainmhíniú mar phost a ceadaíodh agus a maoiníodh ach nár líonadh, ar cibé cúis. Tá go leor post nua ceadaithe agus maoinithe i bhfoirne ildhisciplíneacha fós gan líonadh, fágadh folúntais mar thoradh ar shaoire foirne folamh agus ní raibh aon aislíonadh post tar éis ardú céime a thabhairt do bhaill foirne. I rith 2007 freisin, bhí caibidlí leanúnacha faoi chonarthaí comhairleoirí ar siúl. Bhí deacrachtaí le baill foirne a earcú áit a raibh easpa struchtúr bainistíochta gairmiúla, nó áit a raibh an post fógraithe mar phost singil laistigh den ghairm faoi leith. Léiríonn Aguisín 1, Tábla A, na leibhéil fholúntais thar gach réimse ar 31 Nollaig 2007. Ar fud na tíre ag deireadh na bliana, bhí 23 folúntas i siceolaíocht, 26.75 folúntas i gcúram sóisialta, 27.6 folúntas i dteiripe shaothair agus 12 folúntas do shíciatraithe comhairleacha a raibh siad go leor ceadaithe agus maoinithe. Ina theannta, bhí 330.43 folúntas in altranas. Tá an éagumas sin folúntais altranais a líonadh suntasach i réigiún Bhaile Átha Cliath ach go háirithe. Bhí éifeacht mhór ag an mainneachtain na folúntais sin i bhfoirne ildhisciplíneacha a líonadh ar sheachadadh seirbhísí i 2007. Chuaigh sé i bhfeidhm ar fháil seirbhísí meabhair-shláinte riachtanacha agus roghanna cóireála d'úsáideoirí seirbhíse, bhí impléachtaí aige do bhaill foirne reatha ó thaobh na hoiliúna de, cruthaíodh costas méadaithe maidir le ragobair altranais chun seirbhísí riachtanacha a choimeád áit a raibh folúntais reatha ann agus cruthaíodh deacrachtaí maidir le pleanáil seirbhíse.

Ba léir go raibh frustachas ar úsáideoirí seirbhíse, baill foirne cliniciúla agus bainistíocht áitiúil ar fud na tíre toisc na rabhthas in ann dul i dtreo seirbhíse meabhair-shláinte inghlactha.

SEIRBHÍSÍ D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Lean líon mór ceantar sláinte áitiúla orthu ag soláthar géarchúraim in aonaid glactha isteach in ospidéil shíciatracha mhóra. Áirítear leo siúd, Ospidéal Naomh Breandán i mBaile Átha Cliath, Ospidéal Naomh Loman i Muileann gCearr, Ospidéal Naomh Senan i Loch Garman, Ospidéal Bhríde i mBéal Átha na Slua, Ospidéal Stiofáin i gCorcaigh, Ospidéal Naomh Uinseann i bhFionnradharc, Ospidéal Íde i bPort Reachrann, Ospidéal Naomh Damhnait i Muineachán, Ospidéal Bhríde i mBaile Átha Fhirdia agus Ospidéal an Chaisleáin Nua i gCill Mhantáin. Tá pleananna aonaid iontrálacha isteach a athlonnú in ospidéil ghinearálta éagsúla idir iad siúd a bhfuil dul chun cinn maith déanta orthu agus iad siúd nach ndearnadh dul chun cinn orthu le fada an lá. Soláthraíonn an chuid is mó de sheirbhísí seirbhísí d'othair chónaithe in ospidéil áitiúla ghinearálta nó réigiúnacha. Tá an chuid is mó de na haonaid glactha isteach sin dea-dheartha agus soláthraíonn siad leibhéal inghlactha de phríobháideachas, spás agus compord. Áirítear le heisceachtaí suntasacha an t-aonad glactha isteach san Uaimh, an t-aonad iontrálacha reatha san Ospidéal Mater agus an t-aonad iontrálacha i mBeanntraí.

Bhí díreach os cionn 1,100 duine i seanospidéal síciatrach ar feadh breis is bliain. Bhí drochchoinníollacha fós sa chuid is mó de na bardaí fadchónaithe in ospidéil shíciatracha móra. Bhí imní mhór ar an gCigireacht faoi choinníollacha i roinnt aonad, lenar áiríodh Kelvin Grove in Ospidéal Naomh Dympna i gCeatharlach (a dhún i rith 2007), Ospidéal Sheosaimh i Luimneach, Ospidéal Naomh Breandán i mBaile Átha Cliath, Ospidéal Naomh Damhnait i Muineachán, Ospidéal Íde i bPort Reachrann agus Ospidéal Naomh Loman i Muileann gCearr. Bhí cuma mhurtallach agus institiúideach ar roinnt bardaí in ospidéil eile agus bhí cuid acu salach. Bhí ábhar struchtúr na n-ospidéal sin go dona agus bhíothas i gcónaí ag iarraidh an lámh anuas a fháil ar thaise, caonach, plastar titime agus péint scafa. Ba é a bhí i gceist leis sin, i roinnt cásanna, ná daoine a bhogadh ó bharda amháin go barda eile de réir mar a rinneadh cothabháil riachtanach, in áit cónaitheoirí a bhogadh amach ó na hospidéil sin isteach i gcóiríocht chuí a bhí bunaithe ar riachtanas measúnaithe agus a raibh caighdeán inghlactha struchtúrtha agus maisiúil uirthi. Tá go leor maoinithe ag teastáil leis na seanfhoirgnimh sin a choimeád ag leibhéal bunúsach do chónaí. Tá an chuid is mó de na hospidéil sin suite ar bhainc talún ar shócmhainn shaibhir iad, ach tó go leor cónaitheoirí sna hospidéil sin fós ina gcónaí i gcóiríocht mhí-oiriúnach agus doghlactha. Go dtí seo níor tugadh le fios go soiléir go ndéanfar na sócmhainní sin a athinfheistiú i seirbhísí meabhair-shláinte. Freisin tá acmhainní móra altranais ag na hospidéil seo atá tógtha le cúram d'othair chónaithe, agus tá easpa acmhainní ag altranas pobail. Cé gur cuireadh pleananna ar aghaidh i go leor ceantar, ní dhearnadh aon dul chun cinn mór i 2007 i gcóiríocht níos oiriúnaí a sholáthar agus tá an daonra fadchónaithe fós ard.

ÁITEANNA CÓNAITHE POBAIL FAOI MHAOIRSEACHT 24 UAIR AN CHLOIG

I rith 2006 agus 2007 d'iarr an Chigireacht eolas ar áiteanna cónaithe pobail faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig maidir lena oiriúnaí agus atá siad do chónaitheoirí, úsáid pleananna cúraim, lánpháirtiú sa phobal áitiúil agus ar sholáthraigh foireann athshlánúchain seirbhís do na cónaitheoirí sin. Tá an t-eolas sin ar áireamh in Aguisín 1, Tábla D. Tá líon na n-áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig éagsúla ar fud na tíre, ní raibh aon áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig ag dobharcheantar amháin agus bhí 14 áit ag dobharcheantar eile. Bhí roinnt áiteanna cónaithe an-mhór, agus suas go 30 leaba iontu. Bhí go leor cónaitheoirí scothaosta, ach bhí roinnt áiteanna cónaithe mí-oiriúnach do dhaonra a bhí ag dul in aois. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar oiriúnacht do chónaitheoirí atá ag dul in aois ó thaobh struchtúr de nuair atá pleanáil á dhéanamh le haghaidh cóiríochta tacaithe amach anseo.

Fuair an Chigireacht go bhfuil 108 áit cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig ann, agus 1,408 cónaitheoir iontu. Ina theannta, tá 18 áit cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig ann le 162 cónaitheoir faoi mhíchumas intleachta faoi na seirbhísí meabhair-shláinte. Is ionann é sin agus 126 áit chónaithe le 1,642 cónaitheoir san iomlán. Bhí imní ar an gCigireacht go raibh sé beartaithe i bpleananna um roinnt ospidéal mór a dhúnadh áiteanna cónaithe móra pobail de suas go 20 cónaitheoir a sholáthar. Is é an chontúirt a bhaineann le háiteanna cónaithe a móra den sórt sin nó go mbeidh siad ina "mbardaí sa phobal" agus leanfar ar aghaidh le cleachtais institiúideacha an chúraim fhadchónaithe ospidéil, go háirithe áit a bhfuil easpa seirbhísí athshlánúcháin agus ionchuir ó fhoirne ildhisciplíneacha. Níor cheart go mbeadh níos mó ná 7 nó 8 leaba in áiteanna cónaithe pobail, ba cheart go mbeadh ionchur ó fhoireann athshlánúcháin acu, agus ba cheart go mbeidís ina cuid den phobal ginearálta agus rochtain acu ar sheirbhísí pobail áitiúla.

Tá líon na síciatraithe sainchomhairleacha athshlánúcháin méadaithe ó 12 i 2006 go 18 i 2007. Ach i ngach cás, ar an drochuair, ní leor é sin le seirbhís athshlánúcháin ar chaighdeán bunúsach a sholáthar, mar gheall ar an easpa foirne ildhisciplíní. I roinnt cásanna, ceapadh sainchomhairleoir gan fhoireann agus gan tuairim cathain a cheapfaí foireann. Is é ról foirne athshlánúcháin ná measúnú a dhéanamh orthu siúd a bhfuil galar meabhrach buan orthu agus seirbhísí a sholáthar dóibh. Gan líon lárnach de bhaill foirne altranais, teiripe saothair, cúraim shóisialta, síceolaíochta cliniciúla agus for-rochtana a bheith ann ní féidir é sin a dhéanamh go cuimsitheach.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE I SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

I 2007 bhuail an Chigireacht le foirne bainistíochta sinsearaí agus bainisteoirí sláinte áitiúla, le Líonra Aighneachta na hÉireann (IAN) a bhí ag déanamh ionadaíochta ar úsáideoirí seirbhíse. Sholáthraigh gach ionadaí IAN tuarascáil ó úsáideoirí seirbhíse ina gceantar, soláthraíodh ionadaíocht i nDún na nGall ag STEER. Ní raibh aon aighneacht phiara fós i seirbhísí meabhair-shláinte Shligigh/Liatroma ná Tiobraid Árann Thuaidh. D'ardaigh úsáideoirí seirbhíse na ceisteanna céanna den chuid is mó thar an gcuid is mó de réimsí. Áiríodh leo siúd easpa gníomhaíochtaí bríocha in aonaid d'othair chónaithe, go háirithe tar éis uaireanta oifige agus ag an deireadh seachtaine, easpa ionchuir ina bplean cúraim, easpa teiripí malartacha in áit cógas agus imní faoi sheachthorthaí cógais. Shonraigh beagnach gach ionadaí IAN go bhfuair na húsáideoirí seirbhíse go raibh formhór na mball foirne cuiditheach, gur thug siad tacaíocht agus go raibh siad sásta éisteacht leo. Ardaíodh roinnt ceisteanna sonracha a bhain le seirbhísí aonair freisin agus bhí an Chigireacht sásta tabhairt faoi deara go raibh gealltanas chun plé leis na ceisteanna sin tugtha ag na bainisteoirí sláinte áitiúla agus foirne bainistíochta sinsearaí ag na cruinnithe. Áirítear tuarascáil ó ionadaithe IAN i ngach tuarascáil dobharcheantair. I roinnt ceantar ba é sin an chéad uair a bhuail bainistíocht, cinn disciplíní agus úsáideoirí seirbhíse le chéile. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoina úsáidí agus a bhí na cruinnithe, agus gheall an chuid is mó de sheirbhísí iad féin chun leanúint ar aghaidh le cruinnithe rialta.

STRUCHTÚIR BHAINISTÍOCHTA

Tá beagnach gach seirbhís athraithe go struchtúir bainistíochta ildhisciplíneacha, tá níos mó dul chun cinn déanta ag cuid acu ná cuid eile. Forbairt mhór ó 2006 atá anseo. Sna cuid is mó de chásanna, tharla an t-athrú sa dara leath de 2007 agus tá sé ró-luath trácht ar an tionchar atá aige sa Tuarascáil seo. Bhunaigh roinnt seirbhísí grúpaí oibre ildhisciplíneacha a áiríonn úsáideoirí seirbhíse le machnamh a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de rialáil chliniciúil. Níl struchtúr bainistíochta ildhisciplíneach ag roinnt seirbhísí fós ar chúiseanna nach bhfuil soiléir agus tá an Chigireacht ag súil go mbogfaidh na seirbhísí sin ar aghaidh go tapa i 2008 i dtreo struchtúr bainistíochta ildhisciplíneach. Thug roinnt seirbhísí tuairisc go raibh na struchtúir bainistíochta líne le haghaidh teiripe saothair agus síceolaíochta bunaithe taobh amuigh de na seirbhísí meabhair-shláinte.

Chonacthas don Chigireacht go raibh na bainisteoirí sláinte áitúla agus foirne bainistíochta i roinnt ceantar i mbun cumarsáide go rialta maidir le pleanáil seirbhíse. Tá freagracht ar na bainisteoirí sláinte áitiúla as gach seirbhís shláinte ina gceantar agus sa chuid is mó de chásanna bhí siad gníomhach anois maidir le plé le riachtanais meabhair-shláinte. Ba léir, ach le cúpla eisceacht, go raibh an bunús eolais maidir le riachtanais úsáideoirí seirbhíse agus na riachtanais um sainsheirbhísí meabhair-shláinte d'othair chónaithe agus seirbhísí meabhair-shláinte pobail a sholáthar éirithe níos saibhre. Tá sé spéisiúil a shonrú gurbh iad na réimsí a raibh cumarsáid rialta ag an mbainisteoir sláinte áitiúil le foirne bainistíocha sinsearaí, áit a raibh úsáideoirí seirbhíse rannpháirteach i bpleanáil agus áit ar léirigh an bainisteoir sláinte áitiúil go raibh eolas aige/aici ar an tseirbhís mheabhair-shláinte agus go raibh spéis aige/aici i bhfeabhas a chur uirthi, na réimsí ba mhó a raibh forbairt tagtha iontu agus ar mhothaigh gach geallchoimeádaí rannpháirteachas agus úinéireacht.

DEA-CHLEACHTAS

Leagann an Chigireacht béim faoi leith ar réimsí dea-chleachtais agus cleachtais nualaíoch a aithint i ngach ceantar. Bhí na tionscnaimh dhea-chleachtais sin taobh amuigh dá raibh á éileamh faoin Acht Meabhair-Shláinte agus na Rialacháin, agus léirigh siad go raibh sé ar chumas ag seirbhís bheith nuálaíoch, úsáid a bhaint as acmhainní reatha ar bhealach samhlaíoch agus dul i bhfeidhm go dearfach ar úsáideoirí seirbhíse. Áirítear samplaí de dhea-chleachtas i ngach tuarascáil, cé nach gá gur liosta cuimsitheach atá ann.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA

Tuairiscíonn aon Chigireacht nár tugadh aon fhreagra a raibh brí leis ar an easpa cúraim agus cóireála do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil a bhfuil galar meabhrach orthu. Tá imní fós ar an gCigireacht faoin líon daoine faoi mhíchumas intleachta atá curtha go mí-oiriúnach in ospidéil shíciatracha, mar shampla in Ospidéal Naomh Senan i Loch Garman, Ospidéal Lúcas i gCluain Mheala, Ospidéal Naomh Finan i gCill Áirne agus Ospidéal Naomh Dympna i gCeatharlach.

Tá sonraí ar na baill foirne do sheirbhísí meabhair-shláinte pobail le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachta in Aguisín 1, Tábla C6. Níl aon sainfhoirne ildhisciplíneacha, agus tá síciatraithe sainchomhairleacha ag obair leo féin. Déantar cleachtais mar leithlis nó srianú in áiteanna cónaithe nach bhfuil cosaint reachtaíochta nó maoirseacht acu, agus is beag nach bhfuil aon rochtain ar shainchúram othar cónaithe dóibh siúd a bhfuil meabhairghalar agus neamhord meabhrach trom orthu. Níl ach dhá shainionad ceadaithe ann um chóireáil meabhairghalair i ndaoine faoi mhíchumas intleachta: Seirbhís Naomh Iosaf i bPort Reachrann le 177 leaba agus Ospidéal Stíobhaird i mBaile Phámar le sé leaba.

Ní raibh sainfhoireann ildhisciplíneach dhóthanach ag ceachtar foireann, ach d'fhéach siad chuig seirbhís chuimsitheach a sholáthar le mionacmhainní. Soláthraíonn seirbhísí aonchineálacha míchumais intleachta leibhéal ard tacaíochta do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu agus atá faoi mhíchumas intleachta ach den chuid is mó, ní bhíonn baill foirne oilte i mbainistíocht ar mheabhairghalar. Níl aon seirbhísí foréinseacha ann ar chor ar bith le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachta. Níl seirbhísí meabhair-shláinte le haghaidh leanaí faoi mhíchumas intleachta ar fáil ach ar mhionbhunús i gcúpla dobharcheantar.

Níltear ag plé le riachtanais mheabhair-shláinte an ghrúpa sin de dhaoine an-leochaileach. Sonraíodh é sin san am atá thart, i dtuarascáil i ndiaidh tuarascála, ach ní raibh aon chomhartha ó na cigireachtaí i 2007 go ndearnadh aon iarrachtaí móra tús a chur fiú leis an staid a leigheas.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE LE HAGHAIDH LEANAÍ AGUS ÓGÁNACH

Ag deireadh 2007 ní raibh aon mhéadú mór tagtha fós ar sholáthar seirbhísí othar cónaithe le haghaidh leanaí agus ógánach. Bhí leanaí a raibh cóireáil othar cónaithe ag teastáil uathu fós á nglacadh isteach in ionaid cheadaithe d'aosaigh, nár chomhlíon aon cheann acu an *Code of Practice Relating to Admission of Children under the Mental Health Act 2001.* Bhí pleananna ar siúl aonad 20-leaba a thógáil i gCorcaigh agus bhí cead pleanála faighte aige sin faoi dheireadh 2007, agus bhí an t-aonad 20-leaba i nGaillimh fós ag feitheamh le cead pleanála. Beartaíodh aonad eatramhach 8-leaba in Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc, agus úsáid á baint as áiseanna reatha agus sonraíodh go raibh sé sin le críochnú i 2008. Beartaíodh aonad eatramhach 8-leaba eile i dtailte Ospidéal Stiofáin i nGleann Maghair, Co. Chorcaí, agus úsáid á baint as foirgneamh a bhí ann. Tá an dá aonad eatramhach sin i dtailte seirbhísí meabhair-shláinte géarchúraim agus fadchónaithe le haghaidh aosach.

Bhí soláthar ball foirne d'fhoirne ildhisciplíneacha le haghaidh leanaí agus aosach fós go dona, agus ní dhearnadh mórán feabhais i rith 2007. Arís chuir lánchosc an FSS ar earcaíocht chun donachta seirbhís nach raibh dóthain ball foirne aige cheana trí dhul sa bhealach ar aon cheapacháin nua nó líonadh folúntas reatha. Bhí liostaí fanachta fada i roinnt ceantar ainneoin tionscnaimh ag cliniceoirí chun am fanachta a laghdú. Mhéadaigh an tAcht Míchumais 2005 an t-éileamh ar mheasúnaithe ar sheirbhís a bhfuil an iomarca éilimh uirthi cheana agus a bhfuil deacrachtaí aige le leanaí a bhfuil fadhbanna troma meabhair-shláinte orthu a fheiceáil. Ní raibh an chuid is mó de sheirbhísí in ann ach seirbhís éigeandála a sholáthar.

CONCLÚID

Ó tugadh feidhm iomlán don Acht Meabhair-Shláinte 2001 i Samhain 2006, bhí deacracht mhór ag an gcuid is mó de sheirbhísí leis na Rialachán le haghaidh ionad ceadaithe a chomhlíonadh. Ag cuimhneamh gurb iad na caighdeáin íosta atá anseo agus go dtógfaidh an Creat Cáilíochta isteach níos mó caighdeán thar na chéad chúpla bliain eile, is léir go bhfuil go leor oibre fós le déanamh ag na seirbhísí. Ach bhí comharthaí ann ag deireadh 2007 go raibh an chuid is mó de sheirbhísí ag pleanáil agus ag bogadh go gníomhach i dtreo comhlíonta iomláin, agus níl aon chúis nár cheart é sin a bhaint amach i 2008. Cuirtear fáilte roimh chuimsiú níos mó disciplíní sa bhainistíocht ar an gcuid is mó de sheirbhísí meabhair-shláinte, chomh maith le soláthar painéal tomhaltóra agus fíor-naisc le húsáideoirí seirbhíse. Forbairt a chuirtear fáilte roimpi atá sna struchtúir bhainistíochta ildhisciplíneacha atá i bhfeidhm anois sa chuid is mó de dhobharcheantair.

Bhí soláthar ball foirne d'fhoirne meabhair-shláinte fós uafásach mall. Chuir lánchosc an FSS ar earcaíocht moill bhreise le baill foirne lárnacha a cheapadh i meabhair-shláinte, agus níor baineadh amach fós an chuspóir atá ann leis na cianta mar atá foirne pobail agus sainfhoirne ildhisciplíneacha - mar sheirbhísí meabhair-shláinte le haghaidh daoine scothaosta, seirbhísí foréinseacha agus seirbhísí athshlánúcháin. I go leor ceantar, ní fhéadann úsáideoirí seirbhíse fós rochtain a fháil ar chúram bunúsach meabhair-shláinte. Is beag nach bhfuil aon seirbhísí meabhair-shláinte ann le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachta.

Tá drochchoinníollacha i réim fós sna hospidéil shíciatracha mhóra, agus gan ach cothabháil íosta á soláthar. Tá roinnt bardaí dúnta, ach fós tá breis is 1,100 cónaitheoir in ospidéil shíciatracha, agus an chuid is mó acu i bhfoirgnimh mhí-oirúnacha. San iomlán bhí cúram á thabhairt do bhreis is 2,600 duine a raibh meabhairghalar buan orthu le maoirseacht 24 uair an chloig in áiteanna cónaithe pobail nó i mbardaí síciatracha fadchónaithe, agus gan ach seirbhísí athshlánúcháin íosta nó gan aon seirbhísí athshlánúcháin.

Mar achoimre, ní raibh athrú i dtreo seirbhíse meabhair-shláinte náisiúnta ardchaighdeáin á dhéanamh ach ina phíosaí fós agus ábhar díoma ab ea a mhaille agus a bhí sé á dhéanamh. Leanann an feitheamh ar aghaidh le foirne pobail le haghaidh leanaí agus ógánach a bhfuil dóthain ball foirne acu, dúnadh ospidéal síciatrach mór atá neamhoiriúnach,

teacht seirbhís fhoréinseach chuimsitheach náisiúnta agus forbairt mionseirbhíse fiú le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas intleachta agus a bhfuil fadhbanna meabhair-shláinte orthu.

Gabhann an Cigire buíochas as obair agus tiomantas na Cigireachta agus na foirne Riaracháin i 2007.

An Dr. Susan Finnerty
Cigire Gníomhach na Seirbhísí Meabhair-Shláinte

AGUISÍN 1

TÁBLA A: LÍON FOLÚNTAS ILDHISCIPLÍNEACH AR 31^{Ú} NOLLAIG 2007 DE RÉIR DOBHARCHEAN-TAIR

TÁBLA A1

BAILE ÁTHA CLIATH LAIGHEAN LÁIR					
	Comhairleoirí	Altranas	Síceolaíocht	Obair Shóisialta	Teiripe Shaothair
BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	0	19.27	0	0	0
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	1.5	9.5	0	3	2
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS/THIAR	0	38.5	2	3	2
CILL MHANTÁIN THOIR	0	8.5	0	1	1
CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	0	0	0	0	0
CILL MHANTÁIN THIAR/CILL DARA	0	13	2	1	0
LAOIS/UIBH FHÁILÍ	0	17	1	0	0
LONGFORT/AN IARMHÍ	1.5	36	1	0	3
IOMLÁN	3	141.77	6	8	8

TÁBLA A2

BHAILE ÁTHA CLIATH THOIR THUAIDH					
	Comhairleoirí	Altranas	Síceolaíocht	Obair Shóisialta	TEIRIPE SHAOTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS	0	34.5	0	2	0
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH	1	35	0	0	0
AN LÚ/AN MHÍ	0	23	1	3	2
BAILE ÁTHA CLIATH LÁIR THUAIDH	0	13.16	0	0	0
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	0	2	2	0	1.27
IOMLÁN	1	107.66	3	5	3.27

TÁBLA A3

AN DEISCEART					
	Comhairleoirí	Altranas	Síceolaíocht	Obair Shóisialta	Teiripe Shaothair
CEATHARLACH/CILL CHAINNIGH	1	21	2	0	1
CIARRAÍ	1	0	2	0.5	1.5
CORCAIGH THUAIDH	0.5	11	1	1.5	0
AN LAOI THUAIDH	1	1	2	1	0
TIOBRAID ÁRANN THEAS	0	28	3	2	2
AN LAOI THEAS	0	3	0	2.75	3.33
PORT LÁIRGE	0	3	0.5	0	2.5
CORCAIGH THIAR	0	0	0	0	0

LOCH GARMAN	0	0	0	0	0
IOMLÁN	3.5	67	10.5	7.75	10.33

TÁBLA A4

AN IARTHAR					
	Comhairleoirí	Altranas	Síceolaíocht	Obair Shóisialta	Teiripe Shaothair
AN CLÁR	0	1	0	0	2
DÚN NA NGALL	2	4	0	1	0
OIRTHEAR NA GAILLIMHE	0	0	0	1	0
LUIMNEACH	0	1	0	1.5	0
MAIGH EO	0	0	2	0	1
TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	1.5	2	0.5	1	0
ROS COMÁIN	1	3	0	1	0
SLIGEACH/LIATROIM	0	0	1	0	2
IARTHAR NA GAILLIMHE	0	3	0	0	1
IOMLÁN	4.5	14	3.5	5.5	6

AN T-EOLAS GO LÉIR SOLÁTHRAITHE AG GACH BAINISTEOIR SLÁINTE ÁITIÚIL

TÁBLA B: LEIBHÉIL FOIRNE DOBHARCHEANTAIR DE RÉIR RÉIGIÚN FSS AR 31Ú NOLLAIG 2007

TÁBLA B1

FSS BAILE ÁTHA CLIATH LÁR LAIGHEAN

Abhantrach	Daonra	Síciatraithe Sainchomhairleacha	Altraí	Teiripeoirí Saothair	Oibrithe Sóisialta	Síceolaithe Cliniciúla
CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	172,332	7.5	30	1.5	7	7
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	90,573	7	155	5	2.6	1.8
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	134,969	5.5	62	6	3.5	4
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS/THIAR	256,566	13.5	180	14	10	6
CILL DARA/CILL MHANTÁIN THIAR	205,175	9	89	6	6	2
CILL MHANTÁIN THOIR	109,472	4	76	0	2	2.5
LAOIS/UIBH FHÁILÍ	137,616	8.5	138	4.2	5	4
LONGFORT/AN IARMHÍ	116,022	7	189	3	3.5	4

TÁBLA B2

FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS						
Abhantrach	Daonra	Síciatraithe Sainchomhairleacha	Altraí	Teiripeoirí Saothair	Oibrithe Sóisialta	Síceolaithe Cliniciúla
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	118,791	6	156.6	4.74	4.93	2
AN LÚ/AN MHÍ	271,257	13	197.9	0	7.31	10.61
BAILE ÁTHA CLIATH LÁIR THUAIDH	143,333	9	135.9	3	5	0
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH	225,145	10	207.25	3	6	4
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS	165,755	14.5	276	23	7	5

TÁBLA 3

FSS AN DEISCEART						
Abhantrach	Daonra	Síciatraithe Sainchomhairleacha	Altraí	Teiripeoirí Saothair	Oibrithe Sóisialta	Síceolaithe Cliniciúla
CEATHARLACH/CILL CHAINNIGH	120,671	8	252.25	4	5.8	5
CIARRAÍ	139,835	6	265	3	3	2
CORCAIGH THUAIDH	80,795	4	186.5	4.5	1	2.4
AN LAOI THUAIDH	167,536	8	213	7.52	6.86	3.4
TIOBRAID ÁRANN THEAS	83,052	6	163	2	3	2
AN LAOI THEAS	179,133	8.23	122.99	0	3	5.71
PORT LÁIRGE	123,844	7	155.1	1.1	4.5	5.05
CORCAIGH THIAR	53,445	3	55.5	1.8	2.2	1
LOCH GARMAN	131,749	8	162.66	3	3.5	4

TÁBLA 4

FSS THIAR						
Abhantrach	Daonra	Síciatraithe Sainchomhairleacha	Altraí	Teiripeoirí Saothair	Oibrithe Sóisialta	Síceolaithe Cliniciúla
AN CLÁR	110,950	6	211.15	4.2	5	5
DÚN NA NGALL	139,432	7	168.75	4.5	4	4
OIRTHEAR NA GAILLIMHE	110,106	6	315	4	4	4
LUIMNEACH	184,055	8	265.5	3	4	4.8
MAIGH EO	123,648	7	240.7	5.26	7	3

TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	66,023	3	17	0	2	3
ROS COMÁIN	58,838	2	78.2	2.5	1	1
SLIGEACH/LIATROIM	99,690	7	228.5	7	4.5	0
IARTHAR NA GAILLIMHE	121,567	5	110.12	5	6	3.5

TÁBLA C: BAILL FOIRNE ILDHISCIPLÍNEACHA LE HAGHAIDH AOSACH AR FÁIL D'FHOIRNE SLÁINTE POBAIL DE RÉIR DOBHARCHEANTAIR AR 31^{Ú} NOLLAIG 2007

TÁBLA C1

BAILE ÁTHA CLIATH LAIGHEAN LÁIR													
	Daonra	Comhairleoirí		NCHDS		CMHN		Síceolaíocht		Obair Shóisialta		Teiripe Shaothair	
		2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007
BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	90,573	3.5	3	4	3.5	6	5	0	0	2	2	2	1.5
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	134,060	3.9	4	7	8.5	5	5	2	2.5	4	2	5.5	3.25
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS/THIAR	256,566	6.2	9	11	15	9	9	6	4	6	7	5	6
CILL MHANTÁIN THOIR	109,472	3	4	6	8	3	5	1.5	2	1.5	2	0	0
CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	172,332	4	6	10	10	4	11	4	4.5	4	5	0	0
I. CILL MHANTÁIN/CILL DARA	205,175	7	8	10	12	17	22	3	2	4	4	3	5
LAOIS/UIBH FHÁILÍ	137,616	3.5	5	5	6	11.5	10	3	3	3	3	3	3

LONGFORT/AN IARMHÍ	116,022	4	5	4	7	8	12	5	4	4	3.5	3	2

TÁBLA C2

BHAILE ÁTHA CLIATH THOIR THUAIDH													
	Daonra	Comhairleoirí		NCHDS		CMHN		Síceolaíocht		Obair Shóisialta		Teiripe Shaothair	
		2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS	165,755	5	7	8	13	9	18	1.5	4	2.5	4.5	1.5	4
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH	225,145	7	7	11	11.5	19.5	20.5	3	3	5.5	5.5	1	1
AN LÚ/AN MHÍ	271,257	7	11	18	19.5	9	12.8	4.1	6.35	4.35	6	0	0
BAILE ÁTHA CLIATH LÁIR THUAIDH	143,333	7	7	14	13	19	18	0	0	0	3	0	1
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	118,791	4	4	9	9	20.5	40.71	3.1	2	2.3	3.23	1.6	2.85

TÁBLA C3

AN DEISCEART													
	Daonra	Comhairleoirí		NCHDS		CMHN		Síceolaíocht		Obair Shóisialta		Teiripe Shaothair	
		2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007
CEATHARLACH/CILL CHAINNIGH	120,671	4	5	5.5	9	8	23.9	0	4	2.4	4	0.3	1.9
CIARRAÍ	139,835	5	5	6	8	11	12	1.9	1.43	2	2.5	2.8	3
CORCAIGH THUAIDH	80,795	3	3	7	7	6	6	3.1	2.4	1	1	3	3

AN LAOI THUAIDH	167,536	5	6	10	11	10	10	2.4	2.4	3.6	5	2.3	3.4
TIOBRAID ÁRANN THEAS	83,052	3	3	3	3	4	3	1	2	2.4	3	0	0
AN LAOI THEAS	179,133	5.73	5.73	8.5	10	8.8	9.8	2.7	2.91	1.8	2.8	0	0
PORT LÁIRGE	123,844	4	4	4	4	5	5	2.25	2.3	2.5	2.5	0	0
CORCAIGH THIAR	53,445	2	3	5	5	4	4	0.5	1	2	2.2	2	1.8
LOCH GARMAN	131,749	4	4	4	4	6	7	2	2.6	1.5	2.5	2.2	2

TÁBLA C4

AN IARTHAR													
	Daonra	Comhairleoirí		NCHDS		CMHN		Síceolaíocht		Obair Shóisialta		Teiripe Shaothair	
		2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007	2006	2007
AN CLÁR	110,950	4	4	5	6	4	4.5	3.8	4	2	3	3.2	3.2
DÚN NA NGALL	139,432	4.5	5	6.5	7	9	14	2	1.6	2.5	3.8	0.4	2
OIRTHEAR NA GAILLIMHE	110,106	4	4	8.2	8.2	10	10	3.8	4	2.6	4	2.2	2.4
LUIMNEACH	184,055	5	5.5	12	10.5	21	6	4	4.1	3.25	3.5	3	2
MAIGH EO	123,648	5	5	6	7	7.5	7	3	3	3.5	4.1	3.5	4
TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	66,023	2	3	3	3	2	2	2	3	2	2	0	0
ROS COMÁIN	58,838	3	2	5	5	3.5	6	1	1	1	1	3	3
SLIGEACH/LIATROIM	99,690	5	5	5	5	10	8	0	0	1.8	2.3	1	0.5
IARTHAR NA GAILLIMHE	121,567	4	4	9	9	8	8	2	2	4	4	5.25	5

TÁBLA C5

BAILL FOIRNE ILDHISCIPLÍNEACHA D'FHOIRNE MEABHAIR-SHLÁINTE POBAIL LE HAGHAIDH LEANAÍ AGUS ÓGÁNACH 2007								
	Comhairleoirí	NCHDS	Altranas	Síceolaíocht	Obair Shóisialta	Cúram Sóisialta	Teiripe Shaothair	Teiripe Urlabhra & Teanga
	2007	2007	2007	2007	2007	2007	2007	2007
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS, BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THUAIDH, CILL DARA	8.2	15	11.2	10	10	5.5	0	9
AN LÚ, AN MÍ, AN CABHÁN, MUINEACHÁN	4.6	4	6.7	4	5.7	0	0	0
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH	2	5	0	10.1	8.1	0	1	5.5
OIRTHEAR CHILL MHANTÁIN, CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS. BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS (LUCENA)	8	12	13.56	8.19	10.3	4.9	7.5	8.6
PORT LÁIRGE, LOCH GARMAN, TIOBRAID ÁRANN THEAS, CEATHARLACH, CILL CHAINNIGH	4	6	5.5	6	3	0	0	0
LUIMNEACH, AN CLÁR, TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	4	4	6	3	3.5	2	0	0
CORCAIGH, CIARRAÍ	7	6	3.6	5.4	8.6	0	1.5	1
LAOIS, UIBH FHÁILÍ, LONGFORT, AN IARMHÍ	3	4	6.1	3	1	0	2	1
GAILLIMH, MAIGH EO, ROS COMÁIN	4.5	7	7	1	7	2.5	3.5	2.5
DÚN NA NGALL, SLIGEACH, LIATROIM, DEISCEART DHÚN NA NGALL, IARTHAR AN CHABHÁIN	2	4	3.2	1.8	2.05	0	0	0

IOMLÁN NÁISIÚNTA	47.3	67	62.86	52.49	59.25	14.9	15.5	27.6

TÁBLA C6

BAILL FOIRNE ILDHISCIPLÍNEACHA D'FHOIRNE MEABHAIR-SHLÁINTE POBAIL LE HAGHAIDH DAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA 2007						
	Comhairleoirí	NCHDS	Altranas	Síceolaíocht	Obair Shóisialta	Teiripe Shaothair
	2007	2007	2007	2007	2007	2007
BAILE ÁTHA CLIATH THEAS, CILL DARA, CILL MHANTÁIN	3	0	1	0.5	0	0
AN LÚ, AN MÍ, AN CABHÁN, MUINEACHÁN	0.2	0	0	0	0	0
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH, SEIRBHÍSÍ NAOMH IOSAF	1	1	0	0	0	0
PORT LÁIRGE, LOCH GARMAN, TIOBRAID ÁRANN THEAS, CEATHARLACH, CILL CHAINNIGH	1	0	0	0	0	0
LUIMNEACH, AN CLÁR, TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	3	2	0	0	0	0
CORCAIGH, CIARRAÍ	1	1	0	0	0	0
LAOIS, UIBH FHÁILÍ, LONGFORT, AN IARMHÍ	1	1	0	0	0	0.5
GAILLIMH, MAIGH EO, ROS COMÁIN	2.5	1.5	2	0.2	0	0
DÚN NA NGALL, SLIGEACH, LIATROIM, DEISCEART DHÚN NA NGALL, IARTHAR AN CHABHÁIN	2.1	2	4	0	0	0
IOMLÁN NÁISIÚNTA	14.8	8.5	7	0.7	0	0.5

TÁBLA D: ÁITEANNA CÓNAITHE FAOI MHAOIRSEACHT 24 UAIR AN CHLOIG (FILLTE AG FÉINMHEASÚNÚ)

TÁBLA D1

FSS BAILE ÁTHA CLIATH LÁR LAIGHEAN					
Abhantrach	Daonra	Áiteanna Cónaithe 24 Uair an Chloig le Foireann	Líon na gCónaitheoirí	Líon na n-Áiteanna	Foireann Athshlánúcháin
BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	90,573	2	25	28	NÍOR ÚSÁIDEADH
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	134,969	2	20	20	NÍOR ÚSÁIDEADH
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS/THIAR	256,566	3	43	43	ÚSÁIDEADH
CILL MHANTÁIN THOIR	109,472	2	21	26	NÍOR ÚSÁIDEADH
CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS	172,332	1	18	21	NÍOR ÚSÁIDEADH
IARTHAR CHILL MHANTÁIN, CILL DARA	205,175	2	28	31	ÚSÁIDEADH
LAOIS/UIBH FHÁILÍ	137,616	2	29	31	ÚSÁIDEADH
LONGFORT/AN IARMHÍ	116,022	3	34	36	NÍOR ÚSÁIDEADH
IOMLÁN	1,222,725	17	218	236	3

TÁBLA D2

FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS					
Abhantrach	Daonra	Áiteanna Cónaithe 24 Uair an Chloig le Foireann	Líon na gCónaitheoirí	Líon na n-Áiteanna	Foireann Athshlánúcháin
BAILE ÁTHA CLIATH THIAR THEAS	165,755	10	143	149	ÚSÁIDEADH
BAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH	225,145	3	27	31	ÚSÁIDEADH

AN LÚ/AN MHÍ	271,257	6	69	72	NÍOR ÚSÁIDEADH
BAILE ÁTHA CLIATH LÁIR THUAIDH	143,333	3	32	32	ÚSÁIDEADH
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	118,791	3	34	42	ÚSÁIDEADH
IOMLÁN	924,281	25	305	326	4

TÁBLA D3

FSS AN DEISCEART					
Abhantrach	Daonra	Áiteanna Cónaithe 24 Uair an Chloig le Foireann	Líon na gCónaitheoirí	Líon na n-Áiteanna	Foireann Athshlánúcháin
CEATHARLACH/CILL CHAINNIGH	120,671	14	138	149	Níor Úsáideadh
CIARRAÍ	139,835	4	58	68	Úsáideadh
CORCAIGH THUAIDH	80,795	2	28	28	Úsáideadh
AN LAOI THUAIDH	167,536	3	42	43	Níor Úsáideadh
TIOBRAID ÁRANN THEAS	83,052	2	25	28	Úsáideadh
AN LAOI THEAS	179,133	1	18	18	Níor Úsáideadh
PORT LÁIRGE	123,844	2	27	27	Níor Úsáideadh
CORCAIGH THIAR	53,445	3	39	44	Níor Úsáideadh
LOCH GARMAN	131,749	1	12	12	Úsáideadh

IOMLÁN	1,080,060	32	387	417	4

TÁBLA D4

FSS THIAR					
Abhantrach	Daonra	Áiteanna Cónaithe 24 Uair an Chloig le Foireann	Líon na gCónaitheoirí	Líon na n-Áiteanna	Foireann Athshlánúcháin
AN CLÁR	110,950	4	63	58	Úsáideadh
DÚN NA NGALL	139,432	4	65	70	Úsáideadh
OIRTHEAR NA GAILLIMHE	110,106	8	65	72	Úsáideadh
LUIMNEACH	184,055	5	108	110	Úsáideadh
MAIGH EO	123,648	3	38	42	Úsáideadh
TIOBRAID ÁRANN THUAIDH	66,023	0	0	0	Níor Úsáideadh
ROS COMÁIN	58,838	2	34	34	Níor Úsáideadh
SLIGEACH/LIATROIM	99,690	7	88	91	Úsáideadh
IARTHAR NA GAILLIMHE	121,567	2	16	17	Níor Úsáideadh
IOMLÁN	1,014,309	35	477	494	6

TÁBLA D5

SEIRBHÍSÍ MÍCHUMAIS INTLEACHTA (MI) AGUS MEABHAIR-SHLÁINTE					
Abhantrach	Daonra	Áiteanna Cónaithe 24 Uair an Chloig le Foireann	Líon na gCónaitheoirí	Líon na n-Áiteanna	Foireann MI
SEIRBHÍS IOSAF UM MÍCHUMAS INTLEACHTÚIL	N/B	5	51	52	Úsáideadh
AN CLÁR	110,950	2	21	24	Níor

					Úsáideadh
OIRTHEAR NA GAILLIMHE	110,106	8	47	48	Níor Úsáideadh
CIARRAÍ	139,835	2	30	30	Níor Úsáideadh
LOCH GARMAN	131,749	1	8	8	Níor Úsáideadh
IOMLÁN	492,640	18	157	162	1